DÚN LAOGHAIRE - RATHDOWN SPORTS PARTNERSHIP
SPORT IRELAND

# Pobail Ghníomhacha a Chothú

## Achoimre Feidhmiúcháin Straitéis Rannpháirteachas Spóirt an Chontae 2018–2022


Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin
Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath
Fón: 01 271 9502

dlrsportspartnership@dlrcoco.ie
www.dlrsportspartnership.ie


SPORT IRELAND LOCAL SPORTS PARTNERSHIPS
dlr Comhairle Contae County Council

### Comhaltaí Boird

- Bord Oideachais & Oiliúna Bhaile Átha Cliath & Dún Laoghaire
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- FSS (Cur chun cinn na Sláinte & an Fheabhsaithe)
- Comhlachas Trádála Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin
- Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann Spórt
- Líonra do Dhaoine Breacaosta
- Spórt COBÁC
- Ionadaithe Tofa
- An Garda Síochána
- Fóillíocht Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin
- Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin

### I measc na bpríomhpháirtithe eile

- Coistí Seirbhísí do Leanaí & Daoine Óga (CYPSC)
- Forbairt Pobail Áitiúil (LCDC)
- Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath
- Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
- Scoileanna & coláistí áitiúla
- Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath
- Éire a Spreagadh chun Siúil
- Éire Shláintiúil
- Fóram Spóirt
- Clubanna Spóirt
- Coillte
- CARA

### Spriocghrúpaí is ea

- Mná agus cailíní óga
- Daoine faoi mhíchumas
- Daoine scothaosta
- Mionlaigh eitneacha
- Daoine óga faoi mhíbhuntáiste

### Samplaí d'Imeachtaí & Cláir

- Operation Transformation
- Campa Uathachais faoin Aer
- Bí Gníomhach i mBaile Uí Ógáin
- Coillearnaigh don tSláinte
- DLR Community 5k
- Clár Seachtainiúil do Dhaoine Scothaosta
- Roghanna don tSláinte
- Briogáid na mBugaithe
- An Míle Laethúil
- Damhsa Gníomhach
- Mini Movers
- Bain Sult as an Leadóg

### Oiliúint agus Eolas

- Fóram Spóirt
- Garchabhair Spóirt
- Seimineáir Eolais
- Ceardlanna Cosanta
- Oiliúint ar Chuimsiú Míchumais
- Oícheanta Oscailte Sportability
- Ceardlanna ar Leanaí a Chóitseáil

**Comhairliúchán**
Ba phróiseas comhoibríoch é forbairt an phlean straitéisigh seo ina raibh comhairliúchán leathan le gníomhaireachtaí, clubanna, grúpaí pobail, scoileanna agus an pobal. Léirítear ann chomh maith na príomhthorthaí ar thaighde a rinneadh ar leibhéil agus patrúin rannpháirteachais ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta agus machnamh ar dhoiciméid áitiúla agus náisiúnta polasaí.

**Croílár an Phlean**
Cuimsítear sa phlean straitéiseach seo fís faoi cheannas an phobail i leith rannpháirteachais sa spórt agus gníomhaíochtaí coirp, bunaithe ar thógáil ar an rath roimhe seo agus ar chreat oibre nua a ghlacadh chun rannpháirteachas sa spórt agus gníomhaíochtaí coirp a mhéadú ar fud Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin

Feidhmiú & Monatóireacht
Oibríonn Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin chun na caighdeáin is airde ó thaobh oscailteachta, trédhearcachta agus dea-rialachais. Is éard atá i gceist leis seo ná a chuid gealltanas a chomhlíonadh i leith réimse leathan freagrachtaí corparáideacha agus bainistíochta, amhail bainistíocht airgeadais, riaracháin, forbairt foirne agus forbairt clár.

### Réamhrá

Tá ceann de na rátaí is airde rannpháirteachais sa spórt agus gníomhaíochtaí coirp sa tír ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, ach tá roinnt príomhréimsí agus spriocghrúpaí ann, áfach, a dteastaíonn tuilleadh tacaíochta uathu le gon-éireodh siad gníomhach. Tá sé beartaithe againn straitéis seo tógáil ar na leibhéil reatha rannpháirteachais. Chun an rannpháirteachas a mhéadú agus a chothú le haghaidh cách i n Dún Laoghaire–Ráth an Dúin. An 300 club againn a nascadh & a láidriú trí chur chuige faoi cheannas an phobail bunaithe ar an éagsúlacht agus an cuimsiú. Níos mó daoine, níos gníomhaí, níos minice!

### Cé muid féin?

Bunaíodh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin in 2007. Oibrímid go dlúth le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus le príomhpháirtnéirí eile chun an rannpháirteachas, an cuimsiú agus an comhordú sa spórt agus gníomhaíochtaí coirp a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil.

### An méid a bhaineamar amach thar thréimhse na straitéis 5 bliana roimhe seo, 2013–2017

- Breis agus 20,000 rannpháirtí le haghaidh cláir & imeachtaí sonraithe
- D'fhreastail 4,300 ar ár gcláir oiliúna agus forbartha le haghaidh cóitseálaithe & daoine deonacha.
- 1600 duine faoi mhíchumas páirteach i spórt agus gníomhaíochtaí coirp.

### Ár bPríomhthascanna

- Ag tógáil ar an obair atá á déanamh cheana féin ag gníomhaireachtaí comhpháirtíochta
- Struchtúr inbhuanaithe a bhunú chun cabhrú leo siúd uile atá páirteach i bhforbairt spóirt áitiúil
- Cláir rannpháirteachais Spórt Éireann a thabhairt isteach
- Méadú in úsáid acmhainní áitiúla reatha
- Plean straitéiseach a chruthú agus a fheidhmiú le haghaidh forbairt fhadtéarmach spórt áitiúil agus gníomhaíochtaí coirp

### Ár bPáirtnéirí

Is éard atá i bPáirtnéireacht Spóirt Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin ná Bord ar a bhfuil comhaltaí mar ionadaithe do na comhlachtaí reachtúla, eagraíochtaí agus grúpaí atá ag feidhmiú sa chontae a bhfuil freagracht orthu nó leas acu sa rannpháirteachas spóirt agus gníomhaíochtaí coirp.




Léarscáil Contae Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin
Tá réimse leathan gníomhaíochtaí ar fáil ar fud an chontae.
Déan teagmháil linn chun gníomhaíochtaí a aimsiú a oireann do na suimeanna atá agatsa.

Straitéis Rannpháirteachais Spóirt an Chontae
Achoimre Feidhmiúcháin 2018–2022

# Pobail Ghníomhacha a Chothú

## Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin

Agus muid ag obair i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta, tacóimid leis na deiseanna inbhuanaithe spóirt don fhorbairt agus rannpháirteachas spóirt agus gníomhaíochtaí coirp sa Chontae, chomh maith le hiad a líonrú, a threorú, a chomhordú, a sheachadadh, taighde a dhéanamh orthu agus iad a chun in iúl.

DÚN LAOGHAIRE - RATHDOWN SPORTS PARTNERSHIP SPORT IRELAND

## Ár bhFís

Go mbeidh an deis ag cách i nDún Laoghaire–Ráth an Dúin a bheith gníomhach go fisiciúil, rochtain a bheith acu ar ghníomhaíochtaí agus áiseanna oiriúnach dá suimeanna, riachtanais agus cumais, agus leas a bhaint as buntáistí dearfacha sláinte agus sóisialta na ngníomhaíochtaí sin.

## Ár Misean

Oibriú i gcomhpháirtíocht le geallsealbhóirí chun rochtain ar rannpháirteachas a fheabhsú don uile dhuine, agus chun réimse éagsúil clár agus tionscnamh áitiúil a chruthú, a sheachadadh agus a chur chun cinn dírithe ar spriocghrúpaí a spreagadh a bhfuil rátaí níos ísle rannpháirteachais ag baint leo.

## Ár Spriocanna

**Sprioc Straitéiseach a hAon**

**Cumas an Phobail a Láidriú & a Fhorbairt** Chun leanúint de chumas na bpobal a fheabhsú chun éascú a dhéanamh ar mhéaduithe inbhuanaithe sna leibhéil spóirt agus gníomhaíochtaí coirp agus, dá réir, an fholláine agus an caighdeán maireachtála a fheabhsú.

**Sprioc Straitéiseach a Dó**

**Comhionannas Deiseanna a Chur Chun Cinn** Chun cur le comhionannas deiseanna de bhun tacú le daoine den uile aois agus cumas rochtain a fháil ar an spórt agus gníomhaíochtaí coirp.

**Sprioc Straitéiseach a Trí**

**Cumarsáid & Cur Chun Cinn** Chun na buntáistí, deiseanna agus bealaí chun an spórt agus gníomhaíochtaí cxoirp a chur in iúl.

**Sprioc Straitéiseach a Ceathair**

**Comhpháirtíocht&Comhoibriú**Chunoibriúigcomhpháirtíochtleisanuilegheallsealbhóirchun rannpháirteachas sa spórt agus gníomhaíochtaí coirp a mhéadú.

**Sprioc Straitéiseacha a Cúig**

**Imeachtaí & Cláir Spriocdhírithe** Chun comhordú agus tacú le réimse clár cuí rannpháirteachais spóirt agus gníomhaíochtaí coirp mar fhreagra ar riachtanais shainaitheanta an phobail.

**Sprioc Straitéiseach a Sé**

**Rialachas & Bainistíocht** Oibriú chun na caighdeáin is airde oscailteachta, trédhearcachta, dea-rialachais agus cuntasacht.

### DÉAN TEAGMHÁIL LINN

Ceann dár bpríomhróil ná an réimse deiseanna spóirt agus gníomhaíochtaí coirp atá ar fáil sa Chontae a chur in iúl.
*Déanaimid an méid seo trí na naisc seo a leanas* Twitter @DLRSportsTeam Facebook @dlrsportspartnership

Fón: + 00 353 (1) 2719502 Suíomh idirlín: www.dlrsportspartnership.ie Ríomhphost: sportspartnership@dlrcoco.ie

SPORT IRELAND LOCAL SPORTS PARTNERSHIPS

dlr Comhairle Contae County Council